



Foras na Gaeilge

LEABHRÁN EOLAIS

**Clárbhainisteoir Teicneolaíochta
&
Bainistíochta Saoráidí**

Foras na Gaeilge

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an nGaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Ghníomhaireacht na hUltaise, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus don Aire Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

Láthair

Oifig Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, láthair an phoist agus beidh ar an té a cheapfar dualgais an phoist a chomhlíonadh le linn uaireanta oibre ón Luan go dtí an Aoine ón oifig sin. Tá polasaí maidir le hobair chumaisc agus pléifear socruithe cuí leis an té a cheapfar. Beidh taisteal le déanamh mar chuid den ról seo.

Sochair

Baineann na téarmaí agus na coinníollacha seo a leanas le post mar Chlárbhainisteoir Teicneolaíochta & Bainistíochta Saoráidí le Foras na Gaeilge agus cuirfear iad sa Tairiscint Cheapacháin:

Tuarastal: Is é an tuarastal don phost seo €80,282 - €98,396*.

D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

*Caithfear an post a thairiscint ag bun an scála.

- Tréimhse an Chonartha: Gan teorainn ach go mbeidh athbhreithniú bliantúil ann;
- Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann agus caithfear a bheith i láthair 40 uair (i seachtain cúig lá). Ceadáítear uair an chloig don lón;
- Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an bpost seo;
- Saoire Bhliantúil: 30 lá;
- Laethanta Saoire Poiblí agus Laethanta Pribhléide;
- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith;
- Pinsean: Mar a cheadóidh an CATT;
- Saoire Mháithreachais/Atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Thuismitheorachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Fógra faoi Éirí as Post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéad;
- Aois Scoir: de réir na dteidlíochtaí a bheidh i bhfeidhm ag an am;
- Scor de thairbhe Sláinte: Mar a cheadóidh na Ranna Urraíochta sa dá dhlínse;
- Cód Iompraíochta: Mar atá faofa ag an CATT.

Ginearálta:

Tá Clárbhainisteoirí faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuisceart Éireann “an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuisceart Éireann), 1999” agus Airt.1 de “Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.”
2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasáíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

An Próiseas Roghnóireachta

Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil. Ní ghlacfar le CVanna. Ba chóir d'iarrthóirí cóip PDF den fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost roimh 12pm meán lae, 20 Deireadh Fómhair Fómhair 2026 chuig: poist@forasnagaeilge.ie

Sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta déanfar an t-eolas ar an bhfoirm iarratais a mheas. Le go rachaidh iarrthóirí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta tabharfar breithiúnas orthu de réir an eolais a thug siad ar an bhfoirm iarratais agus dá réir sin amháin. I Roinn 2 den fhoirm iarratais iarrtar eolas ábhartha, cuí faoin taithí atá ag iarrthóirí sna critéir atá riachtanach; tá cur síos orthu sa cháipéis seo. Caithfidh iarrthóirí mionchuntas soiléir a thabhairt ar shamplaí den taithí seo a fuair siad san obair a rinne siad lena léiriú go bhfuil siad inniúil don phost.

I dtús báire, bainfear úsáid as na critéir bhunriachtanacha le gearrliosta a dhéanamh d'iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta.

Sa dara céim den phróiseas roghnóireachta déanfar tuilleadh measúnaithe ar na critéir atá liostaithe sa tSonraíocht faoin bPearsa. Is féidir go mbeidh dhá chuid ann:

1. Cur i láthair;
2. Agallamh le hinniúlacht an iarrthóra a mheas.

SONRAÍ AN PHOIST

Teideal an Phoist:	Clár bhainisteoir Teicneolaíochta & Bainistíochta Saoráidí
Freagrach do:	An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
Próifíl an Phoist:	Beidh an Clár bhainisteoir freagrach as forbairt straitéiseach agus bainistiú laethúil ar chúrsaí teicneolaíochta agus bainistiú saoráidí na heagraíochta. San áireamh beidh bainistiú ar infreastruchtúr teicneolaíochta agus cibearshlándáil na heagraíochta, stiúradh ar chothabháil agus riar oifigí Fhoras na Gaeilge.

Príomhchúraimí

Cúraimí Straitéiseacha:

- Ceannaireacht straitéiseach a sholáthar, i gcomhar leis an bhfoireann bainistíochta sa Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha agus lena n-áirítear réimse leathan d'fheidhmeanna a thacaíonn le forbairt agus le cur i gcrích phleananna gnó Fhoras na Gaeilge.
- Ról lárnach tionchair a imirt i bhforbairt na hearnála teicneolaíochta sa Ghaeilge, raon leathan teagmhalaíthe ábhartha a fhorbairt idir an earnáil phoiblí agus phríobháideach. Beidh seo tábhachtach go háirithe maidir le ról na Gaeilge in mór-fhorbairtí teicneolaíochta a thagann chun cinn, an Intleacht Shaorga san áireamh.
- A chinntiú go bhforbrófar feidhm na teicneolaíochta agus na cibearshlándála go héifeachtach i bhForas na Gaeilge agus go léirítear nuálaíocht agus ceannaireacht sa réimse.
- A bheith freagrach as treochlár teicneolaíochta don eagraíocht a fhorbairt a chuimsíonn dea-chleachtais, próisis & polasaithe cuí agus córais sreafa oibre a fhorbairt a thacaíonn le agus a éascaíonn obair na heagraíochta go himmheánach agus go seachtach.
- Ról a ghlacadh i bhforbairt agus athbhreithniú ar straitéis dhigiteachta agus teicneolaíochta a bhaineann le cúrsaí teanga.
- A chinntiú go bhfuil córais chuí agus próisis a chloíonn le dea-chleachtas agus dualgais reáchtúla agus a chinntíonn luach ar airgead, maidir le cúrsaí soláthair agus bainistithe saoráidí agus eastáit. Osradharc agus monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar chúrsaí soláthair i gcomhpháirt leis an oifigeach soláthair & bainistithe saoráidí.
- Córais a fhorbairt agus a fheidhmiú i dtaca le cinntí, tuairisciú agus monatóireacht.
- Spriocanna cuí a fhorbairt de réir mar a aontófar leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Fanacht cothrom le dáta maidir le forbairtí ábhartha sna réimsí a bhaineann leis an bpost.

Cúraimí Oibríochtúla:

- Monatóireacht agus iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcóras reatha agus a bheith freagrach as próiseas a stiúradh leis na córais a athbhreithniú go tráthrialta.
- Bainistiú a dhéanamh ar réimse na teicneolaíochta – infreastruchtúr fisiciúil, feidhmchláir, infreastruchtúr digiteach san áireamh agus a chinntiú go bhfuil an t-infreastruchtúr teicneolaíochta ag teacht le riachtanais ghnó na heagraíochta.
- Bainistiú a dhéanamh ar chúrsaí eastáit san eagraíocht – bainistiú ar léasanna i gcomhar le ceannasaithe na n-oifigí, córais slándála, sábháilteachta agus rochtain, soláthróirí seirbhísí agus freastal foirne.
- Córais a fhorbairt le slándáil a chinntiú maidir le sonraí, líonra agus córas cúl-taca na heagraíochta.

- Monatóireacht leanúnach le córais na heagraíochta a chur ag feidhmiú ar an mbonn is éifeachtaí agus réitigh a mholadh agus a chur i bhfeidhm.
- Córas um Shlándáil Faisnéise a bhainistiú.
- Maoirsiú ar phleanáil, cur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar straitéis cibearshlándála na heagraíochta.
- Tionscadail sa réimse a bhainistiú agus tuairiscí a chur ar fáil ina leith, de réir mar is cuí.
- Tacaíocht a thabhairt don Ardbhainistíocht de réir mar is gá.
- Bheith rannpháirteach mar bhall den Fhoireann Bhainistíochta Oibríochtúil chun feidhmíocht tras-rannóige a chinntiú agus chun pleanáil a dhéanamh dá réir.
- Bainistiú oifigí Fhoras na Gaeilge i gcomhar le ceannaithe na n-oifigí agus na seirbhísí iontu a chothabháil i gcomhar le soláthróirí atá ceaptha ar chonradh le cúraim a dhéanamh de shainréimsí oibre agus le ceannasaithe na n-oifigí ábhartha.
- Pleananna forfheidhmithe a réiteach agus a aontú i gcomhar leis an bhfoireann chun cúraimí sa réimse a chur i gcrích.
- Cur i gcrích tionscnaimh chomhaontaithe éagsúla a bhainistiú (m.sh. ionadaíocht a dhéanamh ar Fhoras na Gaeilge i gcomhthionscadail Rialtais agus Earnála).
- Comhoibriú le rannóga ábhartha eile ar dhualgais reachtúla éagsúla a chomhlíonadh de réir mar is cuí.

Cúraimí Airgeadais:

- Bainistiú a dhéanamh ar bhuiséad a bhaineann leis na réimsí oibre.
- A chinntiú go bhfeidhmíonn na rannóige taobh istigh den bhuiséad faofa.
- A chinntiú go gcloíonn na córais airgeadais sna réimsí a bhaineann leis an ról seo le forálacha Mheamram Airgeadais Fhoras na Gaeilge.
- A chinntiú go gcoinnítear an Clár bhainisteoir Airgeadais agus an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ar an eolas go rialta faoi staid airgeadais na dtionscadal agus na gclár faoina stiúir.

Cúraimí Pearsanra:

- A chinntiú go gcloíonn na baill foirne atá ag tuairisciú dó/di le polasaithe agus modhanna imeachta Fhoras na Gaeilge.
- Foireann na rannóige a stiúradh agus a bhainistiú lena n-áirítear oifigigh theicneolaíochta, soláthair agus eastáit na heagraíochta.
- Feidhmíocht na mball foirne atá ag tuairisciú go díreach dó/di a bhainistiú.
- Riar ar riachtanais oiliúna na foirne atá faoina stiúir agus clár oiliúna a chur ar bun agus a bhainistiú nuair is cuí agus i gcomhar leis an Rannóg Acmhainní Daonna.
- Tuairisciú don Stiúrthóir ábhartha maidir le cur i gcrích cuspóirí na rannóga.
- Ról ceannaireachta bainistíochta a ghlacadh san eagraíocht, ag léiriú meon uaillmhianach agus coláisteach.

Cúraimí Cumarsáide:

- Freastal ar chruinnithe den Fhoireann Bhainistíochta agus a bheith rannpháirteach iontu.
- Tacaíocht theicniúil a sholáthar d'fhoireann na heagraíochta agus fadhbanna teicneolaíochta a réiteach i gcomhar leis an rannóg teicneolaíochta.
- Cumarsáid rialta maidir le forbairtí, athrú próisis nó cur chuige a bhaineann leis an réimse teicneolaíochta nó seirbhísí sna hoifigí.
- Cruinnithe rannóige a thionól de réir mar is cuí agus freastal ar chruinnithe stiúrthóireachta.

- Teagmhálacha ag gach leibhéal a fhorbairt agus a choinneáil le páirtithe leasmhara agus leis na húdaráis chuí.
- Freastal ar chruinnithe eile de réir mar is gá.

Eolas Eile

Tá an Fhoireann Teicneolaíochta agus Bainistithe Saoráidí freagrach as réimse leathan de chúraimí laistigh den Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha. Beidh cúraimí an phoist seo dírithe go príomha ar chúrsaí teicneolaíochta, an t-infreastruchtúr agus cibearshlándáil san áireamh agus ar sheirbhísí tacaíochta agus riaracháin a sholáthar maidir le hoifigí agus obair na heagraíochta.

Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.

SONRAÍOCHT FAOIN bPEARSA

Critéir Riachtanacha

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa mar aon le tiomantas don teanga.
- Cáilíocht tríú leibhéal i réimse ábhartha.
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa.
- Taithí 3 bliana ar a laghad i réimse oibre ábhartha.
- Taithí ar mhonatóireacht ar fheidhmíocht eagraíochtúil trí úsáid a bhaint as táscairí feidhmíochta agus tuairiscí rialta.
- Ardscileanna ríomhaireachta agus taithí shuntasach ar na mórfheidhmchláir ríomhaireachta eagraíochtúla agus infreastruchtúr teicneolaíochta a bhainistiú, Microsoft 365 agus Azure go háirithe atá in úsáid mar phríomhardáin i bhForas na Gaeilge.
- Taithí ag plé le bainistiú seirbhísí saoráide lena n-áirítear conarthaí agus conraitheoirí.
- Taithí ghairmiúil ar bhuiséid a bhainistiú agus a riar.
- Taithí ghairmiúil ar thionscadail a bhainistiú agus/nó ar chláir oibre a fhorbairt agus a chur i gcrích (ullmhú buiséid agus tuairiscí athbhreithnithe san áireamh).
- Taithí ar chaidreamh éifeachtach a dhéanamh le páirtithe eile.
- Cumas cruthanta ar fhoireann a stiúradh agus a bhainistiú.

Critéir Inmhianaithe

- Cáilíochtaí Earnála – ITIL, PMI, Prince, Agile, DevOps, CISSP.
- Cáilíochtaí Soláthraí - Amazon Web Services (AWS), Google, IBM agus Microsoft Azure, Fíorúlú (VMWare, HyperV, srl).
- Gealltanús obair i dtreo cáilíochtaí ábhartha don ról agus aontaithe leis an SSC.
- Taithí ar úsáid Intleacht Shaorga i gcomhthéacs oibre.
- Bainistiú ar phróisis soláthar agus na rialacháin ábhartha.
- Taithí ar Etenders agus/nó plé leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Cáilíochtaí Pearsanta

- Ba chóir go mbeadh an t-iarrthóir féinspreagtha, nuálach agus díograiseach.
- Ardscileanna eagrúcháin agus bainistithe ualaí oibre.
- Ardscileanna idirphearsanta agus an cumas caidrimh oibre tháirgiúla a choinneáil agus a fheabhsú.
- Scileanna ceannasaíochta.
- A bheith ábalta dul i gcion ar dhaoine.
- Taithí mar bhall foirne.
- A bheith muiníneach agus dírithe ar thoradh a fháil.
- A bheith ábalta déileáil le fadhbanna as a stuaim féin.

Fís, Misean agus Luachanna Fhoras na Gaeilge

Ráiteas Físe

An Ghaeilge mar theanga phobail a bheith neadaithe i ngach gné den saol ar oileán na hÉireann.

Ráiteas Misin

Úsáid na Gaeilge agus a saibhreas cultúrtha a neartú gach áit, do gach duine, agus i ngach gné den saol.

Luachanna

5 bhunphrionsabal a threoraíonn ár gcuid oibre:

LEAS NA GAEILGE

Is í an Ghaeilge an dúshraith atá faoi gach rud a dhéanaimid. Is cáis linn riachtanais phobail na Gaeilge agus riachtanais forbartha na Gaeilge féin. Bainimid leas as ár n-acmhainní, ár dtionchar agus ár saineolas ar bhealach comhordaithe comhtháite ar mhaithe le leas na Gaeilge sa tsochaí.

AN POBAL

Táimid tiomanta do sheirbhís a thabhairt don phobal agus don stát. Aithnímid ár ndualgais reachtúla agus ár bhfreagracht don phobal, idir phobal na Gaeilge agus an mórpobal. Cuirimid san áireamh iad inár gcuid oibre, ó phleanáil go cur i gcrích, ar bhealach gairmiúil tuisceanach solúbtha, bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar thaighde, agus ag cur pholasaithe an 2 Rialtas san áireamh.

ARDCHAIGHDEÁIN

Seasaimid le hardchaighdeáin maidir le feabhsú, forbairt agus foghlaim. Déanaimid ár gcuid oibre ar bhealach tiomanta, bunaithe ar dhea-chleachtas, ar shaineolas agus ar athbhreithniú rialta, agus déantar an fhoireann a oiliúint agus a chumasú go córasach.

MEAS

Cothaímid meas orainn féin mar eagraíocht agus ar an bpobal. Déanaimid cumarsáid éifeachtach le comhghleacaithe agus leis an bpobal, agus freagraímid dóibh ar bhealach dearfach, samhlaíoch agus trédhearcach.

CEANNAIREACHT

Seasaimid lenár mbunphrionsabail trí dhea-shampla. Cuirimid fís don Ghaeilge i láthair go bródúil inár gcuid oibre. Déanaimid ár ndícheall tionchar dearfach a imirt ar son na Gaeilge agus muid ag plé leis an bpobal ar bhealach ceannródaíoch, nuálaíoch, saineolach.



Foras na Gaeilge

forasnagaeilge.ie